# Creidmheas Cánach Corparáide i leith Scannán faoi Alt 481

# Creidmheas Feabhsaithe do Scannán ar Bhuiséad Níos Ísle - Dearbhú ó Chuideachta Léiriúcháin

*( **Ní** éileamh ar an gcreidmheas cánach corparáide i leith scannán atá sa dearbhú seo. Ní mór é a chomhlánú agus a chur ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim trí M'Fhiosruithe amháin.)*

*Féach ar an rannán nótaí le haghaidh tuilleadh eolais sula ndéanann tú an fhoirm seo a chomhlánú.*

**Rannán 1: Sonraí na Cuideachta**

(a) Ainm na cuideachta cáilithí

(ii) Uimhir Thagartha Cánach Corparáide na cuideachta léiriúcháin

(b) Ainm na cuideachta cáilithí

(ii) Uimhir Thagartha Cánach Corparáide na cuideachta cáilithí

**Rannán 2: Sonraí ar an Scannán Cháilithigh**

**Deimhnigh gur chomhlíon an scannán cáilitheach críochnaithe na critéir don Chreidmheas Feabhsaithe do: Scannán ar Bhuiséad Níos Ísle:** ☐

(a) (i) Ainm an scannáin cháilithigh

(ii) Uimhir an Deimhnithe Cultúrtha . .

(iii) Dáta eisithe an deimhnithe

(b) Cineál an scannáin (Roghnaigh ceann amháin):

(i) Príomhscannán ☐

(ii) Príomhscannán beochana ☐

(c) Príomhróil chruthaitheacha á gcomhlíonadh ag náisiúnach nó cónaitheoir de chuid an Stáit nó Stát LEE (Roghnaigh ceann amháin nó níos mó):

(i) Stiúrthóir ☐

(ii) Scríbhneoir Scripte Scannáin ☐

(iii) Eile ☐

Más 'Eile', sonraigh an príomhról cruthaitheach

(d) Méid an chaiteachais cháilithigh .**00**

**Rannán 3: Sonraí an éilimh ar an gCreidmheas Feabhsaithe do Scannán ar Bhuiséad Níos Ísle**

**Deimhnigh go bhfuil éileamh ar an gcreidmheas cánach corparáide i leith scannán á dhéanamh faoi alt 481(2G)(b)(ii) ACC 1997** ☐

**Comhlánaigh (a) nó (b):**

(a) Luach an chreidmheasa cánach corparáide i leith scannán ag 40% ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐.**00**

Nó

(b) Sa chás go ndéantar éileamh ar an gcreidmheas cánach corparáide i leith scannán buiséadaithe faoi alt 481(2G)(b)(i) TCA 1997:

(i) Luach an chreidmheasa cánach corparáide i leith scannán buiséadaithe a éilíodh cheana ag 32% ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐.**00**

(ii) Luach an chreidmheasa cánach corparáide i leith scannán ag 40% ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐.**00**

(iii) Iarmhéid an chreidmheasa cánach corparáide i leith scannán á n-éileamh anois ag 40% (is é seo an difríocht idir (i) agus (ii)) ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐.**00**

**Dearbhaím,** ________________ **thar ceann** ________________ ,
**go bhfuil na sonraí uile a tugadh sa dearbhú seo ceart agus iomlán ar feadh m'eolais agus mo thuairime.**

Síniú ________________

Dáta ☐☐☐☐☐☐☐☐

Stádas an tSínitheora ________________

**Sonraí Teagmhála** (i gcás fiosrú i ndáil leis an dearbhú seo) ________________

# Nótaí

**Cé ba chóir an Dearbhú a chomhlánú?**

Ba chóir do chuideachta léiriúcháin atá ag déanamh éilimh ar an gcreidmheas cánach corparáide i leith scannán faoi alt 481(2G)(b)(ii) den ACC 1997 an dearbhú seo a chomhlánú ag an ráta feabhsaithe de 40% (an 'creidmheas feabhsaithe do scannán ar bhuiséad níos ísle') i leith scannáin cháilitheach. Ní mór don scannán a bheith deimhnithe mar scannán cáilitheach a bhféadfadh feidhm a bheith ag an gcreidmheas feabhsaithe do scannán ar bhuiséad níos ísle agus ní mór dó, nuair a bheidh sé críochnaithe, na critéir do scannán ar bhuiséad níos ísle mar atá leagtha amach in alt 481(1) den ACC 1997 a chomhlíonadh.

**Cén uair ba chóir an Dearbhú a thíolacadh?**

Ní mór do chuideachta léiriúcháin an dearbhú a thíolacadh trí M'Fhiosruithe agus éileamh á dhéanamh ar an gcreidmheas cánach corparáide i leith scannán faoi alt 481(2G)(b)(ii) den ACC 1997. Féadann éileamh faoi alt 481(2G)(b)(ii) den ACC 1997 a bheith:

(a) Éileamh ar luach iomlán an chreidmheasa, bunaithe ar chaiteachas iarbhír, a dhéanfar laistigh de 6 mhí ó dháta críochnaithe an scannáin cháilithigh; nó

(b) Éileamh deiridh, sa chás go ndearnadh an chéad éileamh bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe faoi alt 481(2G)(b)(i) den ACC 1997, agus gurb é an t-éileamh faoi alt 481(2G)(b)(ii) den ACC 1997 an t-éileamh ar an gcreidmheas cánach corparáide i leith scannán, lúide aon mhéid a éilíodh cheana féin de bhun alt 481(2G)(b)(i) den ACC 1997. Ní mór an t-éileamh seo a dhéanamh laistigh de 6 mhí ó dháta críochnaithe an scannáin cháilithigh.

**Cén chaoi a thíolactar an Dearbhú?**

Ba chóir an dearbhú a chomhlánú agus a thíolacadh trí M'Fhiosruithe, agus na nithe seo a leanas a roghnú:

Catagóir: Cáin Chorparáide (CC)

Fochatagóir: Creidmheas Cánach i leith Scannán

Ba chóir an dearbhú a thíolacadh ag an am a dhéanann an chuideachta léiriúcháin éileamh ar an gcreidmheas cánach corparáide i leith scannán, mar atá leagtha amach thuas, san Fhoirm ábhartha CT1 ar Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim.

**Le linn an Dearbhú a chomhlánú:**

**Rannán 1:**

Sa rannán seo, tabhair sonraí faoi ainm agus uimhir thagartha cánach corparáide na cuideachta léiriúcháin agus na cuideachta cáilithí. Is í an chuideachta cháilitheach an chuideachta a bhunaigh an chuideachta léiriúcháin chun an scannán cáilitheach a léiriú, mar a cheanglaítear le halt 481 ACC 1997.

**Rannán 2:**

Sa rannán seo, tabhair sonraí maidir leis an scannán cáilitheach críochnaithe lena mbaineann an t-éileamh ar an gcreidmheas feabhsaithe do scannán ar bhuiséad níos ísle.

- Cuir tic sa bhosca chun a dheimhniú gur chomhlíon an scannán cáilitheach na critéir don chreidmheas feabhsaithe do scannán ar bhuiséad níos ísle.
- I mír (a), tabhair sonraí maidir le hainm an scannáin cháilithigh, uimhir an deimhnithe chultúrtha a eisíodh i leith an scannáin, agus an dáta a eisíodh an deimhniú cultúrtha.
- I mír (b), roghnaigh an cineál scannáin a bhfuil an deimhniú cultúrtha eisithe ina leith.
- I mír (c), roghnaigh an príomhról/na príomhróil chruthaitheacha ábhartha atá á gcomhlíonadh ag daoine aonair atá ina náisiúnaigh d'Éirinn nó de Stát eile de chuid an LEE nó a bhfuil cónaí orthu inti. Féach ar na Rialacháin Scannáin (Creidmheas Feabhsaithe do Scannáin ar

Bhuiséad Níos Ísle) (Leasú) 2025 le haghaidh na róil chruthaitheacha eile a bhfuil sinsearacht chuí acu a d'fhéadfaí a mheas mar phríomhróil chruthaitheacha chun críocha an chritéir seo.

- I mír (d), tabhair sonraí maidir le méid an chaiteachais cháilithigh a tabhaíodh ar léiriú an scannáin cháilithigh. Chun feidhm a bheith ag an gcreidmheas feabhsaithe do scannán ar bhuiséad níos ísle, ní mór don chaiteachas cáilitheach a thabhaítear a bheith níos lú ná €20,000,000.

**Rannán 3:**

Sa rannán seo, deimhnigh go bhfuil éileamh ar an gcreidmheas cánach corparáide i leith scannán á dhéanamh sa bhFoirm CT1 faoi alt 481(2G)(b)(ii) ACC 1997.

Ní fhéadtar an creidmheas feabhsaithe do scannán ar bhuiséad níos ísle a éileamh ach amháin nuair a chríochnaítear scannán cáilitheach ina sonraítear ar an deimhniú cultúrtha go bhféadfadh feidhm a bheith ag an gcreidmheas feabhsaithe ina leith agus a chomhlíon na critéir, na coinníollacha agus na hoibleagáidí a cheanglaítear le halt 481 den ACC 1997, na Rialacháin Scannáin 2019 agus na Rialacháin Scannáin (Creidmheas Feabhsaithe do Scannán ar Bhuiséad Níos Ísle) (Leasú) 2025.

Comhlánaigh (a), nó (b), de réir mar is cuí.

- Mír (a) – tabhair luach iomlán an chreidmheasa cánach corparáide i leith scannán atá á éileamh san Fhoirm CT1. Ríomhtar an luach seo ag baint úsáid as ráta an chreidmheasa fheabhsaithe do scannáin ar bhuiséad níos ísle de 40%.
- Mír (b) – sa chás go ndearnadh éileamh ar an gcreidmheas cánach corparáide i leith scannán buiséadaithe faoi alt 481(2G)(b)(i) ACC 1997, tabhair na sonraí seo a leanas:

  (i) Luach an chreidmheasa cánach corparáide i leith scannán buiséadaithe a éilíodh cheana féin de bhun alt 481(2G)(b)(i) ACC1997 ag baint úsáid as an ráta 32%.

  (ii) Luach iomlán an chreidmheasa cánach corparáide i leith scannán arna ríomh ag ráta an chreidmheasa fheabhsaithe do scannán ar bhuiséad níos ísle de 40%.

  (iii) Luach an chreidmheasa cánach corparáide i leith scannán atá á éileamh anois i bhFoirm CT1. Is é seo an difríocht idir (i) agus (ii), is é sin luach iomlán an chreidmheasa arna ríomh ag 40%, lúide aon mhéid a fuarthas cheana féin de bhun alt 481(2G)(b)(i) ACC 1997 ag 32%.

**Nótaí tráchta eile**

1. **Ní** éileamh é an dearbhú seo ar an gcreidmheas cánach corparáide i leith scannán, a dhéantar trí leasú a dhéanamh ar an bhFoirm CT1 don tréimhse cháilitheach mar a shainmhínítear in alt 481(1) ACC 1997.
2. Ba chóir an dearbhú seo a chur isteach trí M'Fhiosruithe nuair a bhíonn éileamh ar an gcreidmheas cánach corparáide i leith scannán ag baint úsáid as an gcreidmheas feabhsaithe do scannán ar bhuiséad níos ísle á dhéanamh faoi alt 481(2G)(b)(ii) ACC 1997. De réir alt 481(2G)(c) ACC 1997, ní mór aon éileamh a dhéanamh sa tuairisceán a cheanglaítear faoi Chuid 41A ACC 1997, a bhfuil an dáta tuairisceáin sonraithe díreach roimh an éileamh a dhéanamh.
3. Tríd an dearbhú seo a chomhlánú, dearbhaíonn cuideachta léiriúcháin gur chomhlíon an scannán cáilitheach na critéir nuair a bheidh sé críochnaithe chun an creidmheas feabhsaithe do scannán ar bhuiséad níos ísle a chur i bhfeidhm agus soláthraíonn sé fíorú ar an bhfaisnéis agus ar na méideanna atá san áireamh i leith an éilimh ar an gcreidmheas cánach corparáide i leith scannán a rinneadh trí leasú a dhéanamh ar an bhFoirm CT1 a tíolacadh trí Sheirbhísí ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim.
4. Ba chóir do chuideachtaí léiriúcháin a dhéanann an dearbhú seo tagairt a dhéanamh d'alt 481 TACC 1997, do na Rialacháin Scannáin 2019 agus do na Rialacháin Scannán (Creidmheas Feabhsaithe do Scannán ar Bhuiséad Níos Ísle) (Leasú) 2025.

5. Féadtar faisnéis faoin gcreidmheas cánach corparáide i leith scannán faoi alt 481 ACC 1997 a fháil in Alt 481 Lámhleabhar Cánach agus Dleachta um Chreidmheas Cánach Corparáide i leith Scannán, Cuid 15-02-04.

Rabhadh: Coir atá ann dearbhú bréagach a thabhairt chun críocha aisíocaíocht chánach a fháil

**Cosaint Sonraí**

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó leis an dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

[1] https://www.revenue.ie/ga/corporate/statutory-obligations/data-protection/index.aspx